CÁRTAÍ SCILE

An Greamú Cliabhraigh (Colainne)

Úsáidtear seo nuair a shroicheann an liathróid an peileadóir ag airde atá faoi bhun na nguaillí agus os cionn na coime. Is é an greamú is minicí a úsáidtear

Teicníc

Síntear amach na lámha chun breith ar an liathróid, a tharraingítear isteach chuig an gcliabhrach ansin

Cloigeann

Súile ar an liathróid feadh an ama

Lámha

Lámha sínte amach, méara scartha

Beir ar an liathróid agus tarraing isteach chuig an chliabhraigh

Cosa

Cos chun cinn ar an gceann eile

Crom i dtreo na liathróide



Príomh-phointí

1. Coinnigh an cloigeann in airde agus súile ar an liathróid feadh an ama.

   Agus an liathróid faoi bhealach, crom chun cinn agus greamaigh an liathróid isteach i d'ucht.

   Bíodh na lámha sínte amach , na huilleannacha gar dá chéile agus na bosa in airde

2. Beir isteach ar an liathróid agus cosain í leis an dá lámh.

   Más faoi bhun leibhéal na coime atá an liathróid ag teacht, crom níos isle

Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Gan na lámha a bheith gar go leor dá chéile chun breith ar an liathróid, rud a fhágann go dtiteann sí.

☺ Tá sé tábhachtach go mbeadh an chuid is uachtaraigh de na lámha gar don cholainn agus an liathróid á greamú, rí na láimhe cothrománach agus gan leithead na liathróide eatarthu

Botún 2

☹ Is minic freisin a ceadaítear don liathróid preabadh den chliabhrach, in áit í a fháisceadh le d'ucht.

☺ Súile ar an liathróid feadh an ama, na lámha sínte amach, méara scartha ionas gur féidir an liathróíd a fháisceadh le d'ucht.